CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1245 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Iúil 2022

lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST, bunú na Comhpháirtíochta SST agus an fhorbairt ar na heochairtháscairí feidhmíochta tosaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4), Airteagal 58(3) agus 58(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) bunaíodh Creat Tacaíochta um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST). Ar bhonn an Chinnidh sin, chruthaigh grúpa Ballstát Cuibhreannas SST agus é mar chuspóir acu na seirbhísí SST seo a leanas a chur ar fáil: measúnú riosca ar imbhualadh, ar bhrath agus ar thréith ilroinnt i bhfithis, agus measúnú riosca ar athiontráil neamhrialaithe réad spáis isteach in atmaisféar an Domhain.

(2) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/696, ar chuspóirí ginearálta chlár spáis an Aontais tá feabhas a chur ar shábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí cianspáis uile a bhaineann le hiomadú réad spáis agus iomadú smionagair spáis, agus leis an timpeallacht spáis, trí bhearta iomchuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí i gcomhair diúscairt spásárthach a bhfuil a ré fheidhmiúil caite acu agus i gcomhair diúscairt smionagair spáis.

(3) Ba cheart do chomhpháirtíocht SST dá dtagraítear in Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2021/696 na gníomhaíochtaí a dhéanann Cuibhreannas SST maidir le seirbhísí SST a sholáthar ar leibhéal an Aontais a ghabháil chuici féin, agus aistriú rianúil agus leanúnachas sholáthar sheirbhísí SST á n-áirithiú ag an am céanna.

(4) De bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/696, tá aon Bhallstát in ann páirt a ghlacadh i bhfo-chomhpháirt SST, agus aird chuí á tabhairt ar na critéir a leagtar amach le haghaidh rannpháirtíochta ann. Chun rannpháirtíocht na mBallstát a spreagadh, ba cheart céimeanna an nós imeachta a mhionsonrú chomh soiléir agus is féidir.

(5) Is ar bhonn deonach a bheidh na Ballstáit rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht SST agus beidh sí faoi réir an mheasúnaithe ar na critéir chomhlíontachta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaí an nós imeachta roghnúcháin a shainiú agus a chuíchóiriú go soiléir.

(6) De bhun Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696, ní mór do na Ballstáit togra comhpháirteach aonair a chur isteach lena n-áirítear na Ballstáit uile ar mian leo a bheith rannpháirteach i gComhpháirtíocht SST. Mar sin féin, de bhun Airteagal 57(3), mura gcuirtear aon togra comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin nó mura gcomhlíonann an togra comhpháirteach na critéir a liostaítear in Airteagal 57(1), féadfaidh cúig Bhallstát ar a laghad togra comhpháirteach a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(7) De bhun Airteagal 57(3), ceadaítear do na Ballstáit tairiscintí iomaíocha a chur i láthair. I gcás ina gcuirtear tairiscintí atá in iomaíocht le chéile i láthair, roghnóidh an Coimisiún ceann amháin de na tairiscintí sin.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/696, tá rialacha le forbairt maidir le húsáid agus malartú sonraí SST.

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 69.

([2]) Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear Creat Tacaíochta d'Fhaireacháin agus Rianú Spáis (IO L 158, 27.5.2014, lch. 227).

(9) Ní mór do thogra na mBallstát na critéir agus na sonraíochtaí a liostaítear in Airteagal 57(1) agus sa Chinneadh seo a chomhlíonadh.

(10) Ba cheart coinníollacha aonair, coinníollacha comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú chreat eagraíochtúil rannpháirtíocht na mBallstát in SST a bheith bunaithe ar na cleachtais arna bhforbairt ag Cuibhreannas SST agus ba cheart gurbh é ba aidhm dóibh a áirithiú go soláthrófaí na seirbhísí SST is éifeachtúla agus an luach is fearr ar airgead.

(11) Forbraíodh eochairtháscairí feidhmíochta faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí a rinne Cuibhreannas SST le sé bliana anuas. Tá sé d'aidhm acu an rialú ar cháilíocht sheirbhísí SST a áirithiú.

(12) Chun a áirithiú go mbunófar Comhpháirtíocht SST, is gá nós imeachta trédhearcach agus rianúil a chur chun feidhme maidir le rannpháirtíocht na mBallstát. Ba cheart gach céim den nós imeachta a chur i láthair agus ba cheart na critéir ar a mbeadh an roghnú bunaithe a liostú agus a mhionsonrú.

(13) I ngeall ar Chomhpháirtíocht SST a bhunú, is gá eochairtháscairí feidhmíochta a fhorbairt chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht cheart ar ghníomhaíochtaí Comhpháirtíochta SST.

(14) Chun go mbeidh Comhpháirtíocht SST oibríochtúil, ba cheart aistriú rianúil a bhunú idir na gníomhaíochtaí a dhéanann Cuibhreannas SST a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 541/2014/AE agus Comhpháirtíocht SST agus ba cheart do Chomhpháirtíocht SST idirchaidreamh a dhéanamh le deasc tosaigh SST arna roghnú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán (AE) 2021/696. Ba cheart an Coimisiún, a bhfuil freagracht fhoriomlán air as cur chun feidhme an Chláir Spáis mar a léirítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2021/696, a chur ar an eolas maidir leis an dul chun cinn a dhéanann Comhpháirtíocht SST a mhéid a bhaineann le cur i gcrích a cumais oibríochtúil seirbhísí SST a sholáthar 3 mhí ar a laghad tar éis Chomhpháirtíocht SST a bheith sínithe.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an choiste um Fheasacht Staide an Spáis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

ROINN I

FORALACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an gCinneadh seo, leagtar amach forálacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh rannpháirtíocht na mBallstát sa Chomhpháirtíocht um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST), dá dtagraítear in Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2021/696.

2. Sonraítear sa Chinneadh seo na heilimintí is gá chun go gcomhlíonfaidh na Ballstáit na critéir a liostaítear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696 chun Comhpháirtíocht SST a bhunú, dá dtagraítear in Airteagal 57(4) de Rialachán (AE) 2021/696.

3. Bunaítear leis an gCinneadh seo na n-eochairtháscairí feidhmíochta tosaigh agus na rialacha maidir le feidhmiú Chomhpháirtíocht SST, dá dtagraítear in 58(3) de Rialachán (AE) 2021/696.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn "Cuibhreannas SST" Cuibhreannas na n-eintiteas náisiúnta ainmnithe arna bhunú faoi Airteagal 7(3) de Chinneadh Uimh. 541/2014/AE;

2. ciallaíonn "an togra" an dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta SST agus an doiciméadacht uile a liostaítear in Iarscríbhinn III atá le seoladh ag na Ballstáit iarrthacha mar chuid dá dtogra chuig an gCoimisiún;

3. ciallaíonn "Ballstáit iarrthacha" na Ballstáit a bhfuil togra comhpháirteach curtha isteach acu maidir le rannpháirtíocht i gComhpháirtíocht SST;

4. "Athbhreithnithe Oibríochta Bliantúla (AOBanna)" Déanfar faireachán ar na gníomhaíochtaí oibríochta, lena n-áirítear oibriú na feidhme soláthair seirbhíse, feidhmiú na feidhme próiseála agus oibriú fheidhm an bhraiteora, trí "athbhreithniú oibríochta" bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar iompraíocht fhoriomlán chóras AE-SST chun a fheidhmíocht agus a infhaighteacht fhoriomlán a bhainistiú;

5. ciallaíonn "Ballstáit rannpháirteacha" na Ballstáit atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht SST.

Airteagal 3

Faisnéis rúnaicmithe

1. I gcás ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe sa togra, beidh feidhm ag Cinneadh 2013/488/AE ([3]) ón gComhairle chomh maith le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ([4]) ón gCoimisiún. Ní rachaidh leibhéal rúnaicmiúcháin na faisnéise sin thar RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

2. I gcás ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe sa togra, beidh achoimre feidhmiúcháin ann nach mbeidh aon fhaisnéis rúnaicmithe ar áireamh inti.

ROINN II

FORÁLACHA A BHAINEANN LEIS NA NÓSANNA IMEACHTA CHUN COMHPHÁIRTÍOCHT SST A BHUNÚ

Airteagal 4

Nós imeachta chun togra comhpháirteach a chur isteach faoi Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696

1. Dréachtóidh na Ballstáit iarrthacha togra comhpháirteach agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin é. Tá an togra le cloí leis na critéir a liostaítear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696, mar a leagtar amach in Airteagal 7 den Chinneadh seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an togra. Féadfaidh an Coimisiún cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit iarrthacha trí cheisteanna agus barúlacha faoin togra a chur chuig an bpointe teagmhála Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 7(1). Tabharfaidh na Ballstáit iarrthacha freagra laistigh de 4 seachtaine agus, más iomchuí, tabharfaidh siad an togra cothrom le dáta. Seolfaidh an Ballstát a bheidh ainmnithe chun feidhmiú mar phointe teagmhála na freagraí sna teagmhálacha leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7(1).

3. Cuirfear na Ballstáit iarrthacha ar an eolas faoi thoradh na hanailíse a rinne an Coimisiún tríd an bpost cláraithe agus i bhformáid leictreonach araon.

4. Déanfar an togra dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach laistigh de thréimhse 18 mhí tar éis Rialachán (AE) 2021/696 a fhoilsiú. Arna iarraidh sin do na Ballstáit nó don Choimisiún, féadfar síneadh 3 mhí a chur leis an tréimhse sin.

([3]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

([4]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lgh. 53-88)

Airteagal 5

Céimeanna nós imeachta chun togra a chur isteach faoi Airteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2021/696

I gcás nach gcuirtear isteach aon togra comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696 nó ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann togra comhpháirteach a chuirtear isteach ar an gcaoi sin na critéir a liostaítear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696, osclófar an dara tréimhse. Beidh na céimeanna seo a leanas sa tréimhse sin:

1. Dréachtóidh cúig Bhallstát iarrthacha togra amháin nó roinnt tograí agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin iad. Ní fhéadfaidh gach Ballstát a bheith páirteach ach in aon togra amháin. Cloífidh an togra leis na critéir a liostaítear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696, mar a leagtar amach in Airteagal 7 den Chinneadh seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na tograí. Féadfaidh an Coimisiún cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit iarrthacha trí cheisteanna agus barúlacha faoin togra a chur chuig pointí teagmhála na mBallstát a luaitear in Airteagal 7. Tabharfaidh na Ballstáit iarrthacha freagra laistigh de 4 seachtaine agus, más iomchuí, tabharfaidh siad an togra cothrom le dáta. Seolfaidh an Ballstát a bheidh ainmnithe chun feidhmiú mar phointe teagmhála na freagraí sna teagmhálacha leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 7(1).

3. I gcás togra aonair, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht an gcomhlíontar na critéir a liostaítear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696, mar a leagtar amach sa Chinneadh seo.

4. I gcás roinnt tograí, roghnóidh an Coimisiún an tairiscint lena n-áiritheofar an fheidhmíocht is fearr, agus comhlíonadh chritéir an roghnúcháin á gcur san áireamh. Bunófar an roghnúchán ar na critéir a liostaítear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696, mar a leagtar amach sa Chinneadh seo. Cuirfidh an Coimisiún na heilimintí cáilíochtúla seo a leanas san áireamh:

   (a) an ailtireacht fheidhmeach agus theicniúil is fearr,

   (b) an prionsabal a bhaineann le dúbailt nach bhfuil gá léi a sheachaint,

   (c) léiriú fheidhmíocht an chórais SST atá beartaithe.

5. Déanfar an togra/na tograí dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach laistigh de 2 mhí tar éis an chinnidh ón gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2021/696 togra comhpháirteach a dhiúltú nó 2 mhí tar éis don sprioc-am dul in éag a leagtar síos in Airteagal 4(4) i gcás nár cuireadh isteach aon togra comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696.

Airteagal 6

Síniú, foilsiú na faisnéise agus socruithe eile

1. Síneoidh na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe Comhaontú Comhpháirtíochta SST laistigh de 6 seachtaine tar éis don Choimisiún an togra a ghlacadh. Mura síneofar comhaontú den sórt sin, déanfar nós imeachta Airteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2021/696 a thionscnamh.

2. Seolfar Comhaontú Comhpháirtíochta SST chuig an gCoimisiún tríd an bpost cláraithe nó trí aon mheán eile lena bhfianófar dáta éifeachtach seachadta agus bailíocht an doiciméid, le síniú leictreonach san áireamh.

3. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na Ballstáit Rannpháirteacha a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

4. Bunóidh Comhpháirtíocht SST teagmháil dhíreach le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) maidir le gníomhaíochtaí Dheasc Thosaigh SST chun na socruithe cur chun feidhme is gá a leagtar síos in Airteagal 59 de Rialachán (AE) 2021/696 a thabhairt i gcrích.

ROINN III

FORÁLACHA A BHAINEANN LEIS NA HEILIMINTÍ SUBSTAINTIÚLA CHUN COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA SST A BHUNÚ

Airteagal 7

Coinníollacha mionsonraithe maidir le comhlíonadh na gcritéar faoi Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2021/696 a léiriú

1. Ainmneoidh na Ballstáit iarrthacha as a measc féin Ballstát a bheidh ina phointe teagmhála chun críocha na cumarsáide leis an gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus in Airteagal 5(2).

2. Beidh an méid seo a leanas sa togra:

(a) an dréacht-chomhaontú Comhpháirtíochta SST agus an doiciméadacht uile a liostaítear in Iarscríbhinn III.

(b) ainm agus sonraí teagmhála an Bhallstáit iarrthaigh a ainmníodh i gcomhréir le mír 1.

3. Comhlíonfaidh an togra agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 8

Coinníollacha eile

Seolfar an togra chuig an seoladh seo a leanas:

SST – Aonad B1
An Coimisiún Eorpach
AS DEFIS
BREYDEL
Avenue d'Auderghem 45
B-1049 an Bhruiséil
AN BHEILG

ROINN IV

RIALACHA MAIDIR LE FEIDHMIÚ CHREAT EAGRAÍOCHTÚIL RANNPHÁIRTÍOCHT NA MBALLSTÁT I BHFO-CHOMHPHÁIRTEANNA AGUS EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA SST

Airteagal 9

Feidhmiú chreat eagraíochtúil rannpháirtíocht Ballstáit in SST

Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gcomhlíonfaidh creat eagraíochtúil a rannpháirtíochta na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 10

Na heochairtháscairí feidhmíochta

1. Forbróidh na Ballstáit rannpháirteacha na sásraí is gá chun na eochairtháscairí feidhmíochta a liostaítear in Iarscríbhinn II a bhunú agus faireachán a dhéanamh orthu.

2. Tabharfaidh Comhpháirtíocht SST tuairisc don Choimisiún gach bliain le linn an Athbhreithnithe Bhliantúil Oibríochtúla ar thorthaí na n-eochairtháscairí feidhmíochta.

ROINN V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 11

Aistriú ó Chuibhreannas SST go Comhpháirtíocht SST

1. Cuirfear tús le bunú ghníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta SST díreach tar éis Comhaontú Comhpháirtíochta SST a bheith sínithe.

2. Bunóidh Comhpháirtíocht SST teagmháil le Cuibhreannas SST dá dtagraítear in Airteagal 7(3) de Chinneadh Uimh. 541/2014/AE chun aistriú rianúil na ngníomhaíochtaí a áirithiú.

3. Measfar an Deasc Thosaigh a bheith oibríochtúil a luaithe a bheidh na gníomhaíochtaí go léir tugtha di agus na socruithe cur chun feidhme idir na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe agus an Deasc Thosaigh sínithe.

4. Beidh Comhpháirtíocht SST réidh le tosú ar sheirbhísí SST a sholáthar 3 mhí tar éis shíniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta SST.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

COINNÍOLLACHA AONAIR, COINNÍOLLACHA COITEANNA AGUS EAGRÚ RANNPHÁIRTÍOCHT NA MBALLSTÁT, DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 4 AGUS 5

1. COINNÍOLLACHA AONAIR

1.1. **Úinéireacht nó rochtain ar bhraiteoir SST leordhóthanach atá ar fáil d'fho-chomhpháirt SST agus ar acmhainní daonna lena oibriú:**

1.1.1. *Úinéireacht nó rochtain ar bhraiteoir SST*

1.1.1.1. Chun críocha Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), measfar go bhfuil úinéireacht ag Ballstát ar bhraiteoir SST nuair a bheidh teideal agus seilbh leordhóthanach, de réir a dhlí náisiúnta, i ndáil leis an mbraiteoir agus na sonraí a tháirgeann sé.

1.1.1.2. Chun críocha Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696, measfar go bhfuil úinéireacht ag Ballstát ar bhraiteoir SST mura féidir le tríú páirtí na sonraí riachtanacha a thairgeann an braiteoir sin a shéanadh agus i gcás braiteoir rianaithe, féadfaidh an Ballstát nó an tEintiteas Náisiúnta Bunaithe iarraidh cúraim a ordú.

1.1.2. *Braiteoir SST leordhóthanach*

1.1.2.1. Chun críocha Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696, measfar go bhfuil braiteoir SST leordhóthanach ó thaobh na hoibríochtúlachta de más i gcatagóir A (mar a shainítear in 2.2.1.1) atá an braiteoir.

1.1.2.2. Chun críocha Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696, measfar go bhfuil Braiteoir SST neamh-leordhóthanach ó thaobh na hoibríochtúlachta de más i gcatagóir B nó C (mar a shainítear in 2.2.1.1) atá sé.

1.1.3. *Braiteoir ar fáil le haghaidh SST*

Chun críocha Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696:

1.1.3.1. Measfar go bhfuil braiteoir SST ar fáil go hoibríochtúil le haghaidh SST: nuair is i gcatagóir A, mar a shainítear in 2.2.1.1 atá an braiteoir agus nuair a chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

(a) beidh an braiteoir tiomnaithe 20 % ar a laghad do chúraimí Chomhpháirtíocht SST, ach féadtar glacadh le céatadán níos ísle maidir le braiteoirí rianaithe má bhíonn staidéir ailtireachta ina gcúis leis sin;

(b) más ag cúram bainteach SST an bhraiteora, seachas aon mhisean eile atá ag an mbraiteoir sin, atá tús áite;

1.1.3.2. Measfar go bhfuil braiteoir SST ar fáil go neamhoibríochtúil le haghaidh SST nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an braiteoir liostaithe i gCatagóir B nó C (mar a shainítear in 2.2.1.1);

(b) is féidir leis an mBallstát cruthúnas a thabhairt go bhfuil máistreacht faighte ar na rioscaí teicneolaíochta agus na rioscaí oibríochtúla.

1.1.4. *Acmhainní teicniúla agus daonna chun anbraiteoir a oibriú*

Beidh faisnéis, lena léirítear go bhfuil agus go mbeidh na hacmhainní teicniúla agus daonna ar fáil chun an braiteoir a oibriú, ina chuid den togra.

([1]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

1.1.5. *Slándáil na mbraiteoirí SST*

1.1.5.1. Is é an Ballstát a bheidh freagrach as gnéithe slándála an bhraiteora SST atá beartaithe.

1.1.5.2. Déanfaidh an Ballstát measúnú riosca tosaigh ar an mbraiteoir atá beartaithe agus cuirfidh sé ar fáil é. Cuimseofar leis an measúnú riosca:

— inniúlacht an bhraiteora chun déileáil le faisnéis rúnaicmithe;

— na bearta teicniúla, conarthacha agus oibríochtúla atá curtha i bhfeidhm lena áirithiú nach féidir le tríú páirtí an fhaisnéis arna táirgeadh ag an mbraiteoir a shéanadh agus i gcás braiteoir rianaithe gur féidir leis an mbraiteoir iarraidh cúraim a fháil agus a chur i gcrích agus na torthaí a scaipeadh.

— na rioscaí iarmharacha gaolmhara.

1.2. **Úinéireacht, nó rochtain ar acmhainneacht anailíse oibríochtúla agus próiseála sonraí a dearadh go sonrach chun críocha SST agus atá ar fáil le haghaidh SST:**

1.2.1. *Úinéireacht, nó rochtain ar acmhainneacht anailíse oibríochtúla agus próiseála sonraí SST*

1.2.1.1. Chun críocha Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696, measfar go bhfuil úinéireacht ag Ballstát ar acmhainneacht leordhóthanach anailíse oibríochtúla agus próiseála sonraí SST nuair a bheidh teideal agus seilbh leordhóthanach, de réir a dhlí náisiúnta, i ndáil leis an acmhainneacht agus na sonraí agus an fhaisnéis a tháirgeann sé.

1.2.1.2. Chun críocha Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696, measfar go bhfuil rochtain ag Ballstát ar acmhainneacht SST mura féidir le tríú páirtí na sonraí agus an fhaisnéis a thairgeann an acmhainneacht sin a shéanadh.

1.2.1.3. Measfar go mbeidh acmhainneacht á forbairt i gcomhthéacs rannchuidiú leis an gComhpháirtíocht STT nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

— is eol an dáta a thagann an acmhainneacht nua i bhfeidhm agus tarlaíonn sin sula gcuireann an Chomhpháirtíocht SST seirbhísí SST ar fáil agus é sin tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2023.

— is féidir leis an mBallstát a chruthú go bhfuil na rioscaí teicneolaíochta faoi smacht agus go bhfuil infheistíochtaí tiomnaithe ar an leibhéal náisiúnta chun an acmhainneacht sin a fhorbairt.

1.2.2. *Acmhainneacht leordhóthanach anailíse oibríochtúla agus próiseála sonraí SST*

1.2.2.1. Measfar go bhfuil acmhainneacht próiseála sonraí "leordhóthanach" má chuimsítear inti na réitigh bogearraí agus crua-earraí is riachtanach chun sonraí SST a phróiseáil agus an fhaisnéis SST ábhartha a tháirgeadh agus/nó seirbhísí SST a sholáthar. Beidh inti na gnéithe is gá chun go n-oibreoidh sé am ar bith.

1.2.2.2. Measfar go bhfuil an anailís oibríochtúil "leordhóthanach" má chuimsítear inti réitigh bogearraí agus chrua-earraí araon agus anailíseoirí oilte chun faisnéis SST a ghiniúint agus/nó seirbhísí SST a sholáthar.

1.2.3. *Slándáil na n-acmhainneachtaí*

Chun an oibleagáid a bhaineann le hAirteagal 57(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/696 a chomhlíonadh, tabharfar údar leis na heilimintí seo a leanas sa togra.

1.2.3.1. Beidh Ballstát iarrthach freagrach as gnéithe slándála na n-acmhainneachtaí SST atá beartaithe.

1.2.3.2. Déanfaidh Ballstát iarrthach measúnú riosca tosaigh ar na hacmhainneachtaí SST atá beartaithe agus cuirfidh sé ar fáil é. Beidh an méid seo a leanas go háirithe sa mheasúnú riosca tosaigh:

— inniúlacht na hacmhainneachta chun déileáil le faisnéis rúnaicmithe;

— na bearta teicniúla conarthacha oibríochtúla atá i bhfeidhm lena áirithiú nach féidir an acmhainneacht a shéanadh ar Eintiteas Náisiúnta Bunaithe an Bhallstáit.

— na rioscaí iarmharacha gaolmhara.

2. COINNÍOLLACHA COITEANNA AGUS RIALACHA MIONSONRAITHE MAIDIR LE FEIDHMIÚ CHREAT EAGRAÍOCHTÚIL RANNPHÁIRTÍOCHT NA MBALLSTÁT IN SST

Chun an oibleagáid a bhaineann le plean gníomhaíochta Airteagal 57(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/696 a chomhlíonadh, tabharfar údar leis na heilimintí seo a leanas sa togra.

2.1. **Ailtireacht Chóras an Aontais**

2.1.1 *Ailtireacht theicniúil fheidhmiúil a chur ar fáil*

Cuirfidh an Chomhpháirtíocht SST togra ar fáil ina mbeidh struchtúr teicniúil agus ailtireacht fheidhmiúil an chórais SST.

Beidh an struchtúr teicniúil atá beartaithe bunaithe ar staidéir ailtireachta agus is iad a bheidh ina gcúis chuí leis.

2.1.1.1 Staidéir ailtireachta

Molfaidh an Chomhpháirtíocht SST córas SST a bheidh bunaithe ar staidéir ailtireachta a bheidh ina gcúis chuí leis freisin.

I ndáil le hailtireacht an Chórais Oibríochtúil STT, cuirfidh sé ar fáil an staidéar ailtireachta agus na braiteoirí a liostaítear i gcatagóir A (mar a shainítear in 2.2.1.1).

I ndáil le hailtireacht "fhorbairt phleanáilte an Chórais SST", cuirfidh sé an staidéar ailtireachta ar fáil agus na braiteoirí a liostaítear i gcatagóir A agus catagóirí B agus/nó C san áireamh, (mar a sainítear in 2.2.1.1), a mhéid agus a bhfuil na sonraí riachtanacha maidir leis na braiteoirí ar fáil.

Maidir le forbairt fhéideartha an chórais SST, riachtanais na n-úsáideoirí, an éabhlóid theicniúil, tabhairt isteach braiteoirí nua (agus imchlúdach buiséid SST a thabhairt ar aird) agus dímheasúnú braiteoirí, déanfar staidéir ailtireachta gach 3 bliana ar a laghad chun an méid sin a chur san áireamh.

2.1.1.2 An ailtireacht ghinearálta theicniúil

Is é a chuirfidh an ailtireacht ar fáil na heilimintí mionsonraithe lena gcomhdhéantar an Córas SST:

— Feidhm bhraiteora,

— Feidhm phróiseála, lena n-áirítear: sonraí agus faisnéis, bunachar sonraí agus catalóg,

— Feidhm sheirbhíse, chun seachadadh na seirbhísí SST a liostaítear in Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) 2021/696 a áirithiú.

San ailtireacht theicniúil ghinearálta beidh gnéithe slándála, ina mbeidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

— Bonneagair agus an soláthar seirbhísí a chosaint

— Sonraí agus faisnéis rúnaicmithe a chosaint

— Bainistíocht sócmhainní agus sainaithint leochaileachta

— Cosaint ar ionsaithe fisiceacha nó cibirionsaithe agus ar bhaint do shruthanna sonraí.

— Brath ionraidh, bainistíocht agus leanúnachas gnó

— Leordhóthanacht chun treoracha arna n-eisiúint i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle ([2]) a chomhlíonadh

2.1.1.3 An ailtireacht fheidhmiúil ghinearálta

Is ar Anailís Fheidhmiúil atá ailtireacht fheidhmiúil bunaithe (mar a shainítear in Iarscríbhinn IV) agus ar Thuairisc Fheidhmiúil.

Leis an ailtireacht fheidhmiúil áireofar freisin leithdháileadh gníomhaíochtaí idir na Foirne Saineolaithe éagsúla, ag féachaint le leithdháileadh na ngníomhaíochtaí idir comhaltaí éagsúla na Comhpháirtíochta SST a áirithiú, chun seachadadh na seirbhísí SST a liostaítear in Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) 2021/696 agus na sásraí cinnteoireachta a áirithiú.

Áireofar leis an ailtireacht theicniúil ghinearálta na gnéithe slándála seo a leanas:

— Sainiú na bhfreagrachtaí slándála, lena n-áirítear an próiseas cinnteoireachta chun bearta agus rialuithe a bhunú,

— Eagrú oibríochtúil chun déileáil le himeachtaí lena n-áirítear an chumarsáid le pobail úsáideoirí le haghaidh imeachta a mbeidh tionchar acu ar an soláthar seirbhísí.

Maidir le forbairt fhéideartha an chórais SST, riachtanais úsáideoirí, forbairt theicniúil braiteoirí nua agus dímheasúnú braiteoirí, déanfar na hailtireachtaí teicniúla agus feidhmiúla a athbhreithniú gach 3 bliana ar a laghad chun an méid sin a chur san áireamh.

2.1.2. *Prionsabal na dúblála nach bhfuil gá léi*

Bunófar an córas SST atá beartaithe ar phrionsabal na dúblála nach bhfuil gá léi. Is é a thuigfear le dúbláil nach bhfuil gá léi a sheachaint na heilimintí riachtanacha ar fad a chur san áireamh chun feidhmíocht agus uathriail acmhainneachtaí SST ar leibhéal an Aontais a áirithiú agus a fheabhsú agus, an tráth ceanna, gan sócmhainní a chur isteach arb é an toradh atá orthu iomarcaíocht chórais os cionn an leibhéil is gá le haghaidh seachadadh tráthúil inbhraite seirbhísí SST.

2.1.3. *Léiriú feidhmíochta an chórais SST*

Léireofar go comhchoiteann feidhmíocht an Chórais SST de réir na gcritéar/na bhfearann seo a leanas:

— An líon réad is féidir leis an líonra braiteoirí a bhrath i ngach réisím fithiseach;

— Réada spáis a chatalógú;

— Seirbhís Seachanta Imbhuailte;

— Seirbhís athiontrála;

— Seirbhís ilroinnte agus

— An cumas seirbhísí nua a fhorbairt (maolú agus feabhsú).

Léireofar liosta de bhraiteoirí SST an Aontais na Limistéar Ollmhór (VLA) agus an breisluach lena mbaineann le staidéir ailtireachta agus áiritheofar é leis an ailtireacht theicniúil.

Léireofar cáilíocht an chomhréitigh ar thángthas air idir an fheidhmíocht (cáilíocht na seirbhísí; méid chatalóg an Aontais...) agus an costas don chóras SST a tháinig as.

2.2. **Rialacha ginearálta maidir le roghnú na mbraiteoirí atá rannpháirteach sa chóras SST**

2.2.1. *Liostaí agus catagóirí braiteoirí*

Cuirfear ar fáil an liosta de bhraiteoirí arna roghnú ag an gComhpháirtíocht SST chun na seirbhísí SST a liostaítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/696 a chur ar fáil.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (IO L 170, 12.5.2021, lch. 178).

Sannfar na braiteoirí do chatagóirí A, B nó C.

"D'fhéadfaí an nós imeachta catagóirithe le haghaidh braiteoirí a nuashonrú ionas go mbeidh sé i gcomhréir le riachtanais an líonra braiteoirí SST atá ag teacht chun cinn. Maidir le hathruithe, ní mór:

— údar cuí a bheith leo de réir staidéir ailtireachta

— iad a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— iad a bheith glactha ag an gCoimisiún.

2.2.1.1. Cuirfear na braiteoirí i láthair sna catagóirí seo a leanas:

— Catagóir A: Braiteoirí oibríochtúla lena soláthraítear sonraí oibríochtúla: Braiteoirí na mBallstát atá leordhóthanach go hoibríochtúil (mar a shainítear in 1.1.2.1) agus rannpháirteach i soláthar na seirbhísí SST, bídís maoinithe go páirteach ag an gCoimisiún nó ná bíodh.

  Maidir leis na braiteoirí, a liostaítear i gcatagóir A, déanfaidh an Ballstát gealltanas i ndáil le gach braiteoir maidir leis an gcéatadán a thiomnaítear do ghníomhaíochtaí SST. Murar eol cad é an tiomnú cruinn de dheasca caibidlíocht buiséadach, ba cheart tiomnú ionchasach a lua. Mar sin féin, ní mór an tiomnú cruinn a shonrú sa togra deontais. Déanfar an tiomnú dearbhaithe a shloinneadh mar líon íosta laethanta in aghaidh na míosa, nó líon uaireanta sa lá, nó líon iarrataí cúraim atá ar fáil, agus beidh sé bailí maidir le haon mhí fad na ndeontas a thugtar faoi Rialachán (AE) 2021/696 lenar bunaíodh Clár Spáis an Aontais.

— Catagóir B: Braiteoirí réamhoibríochtúla lena soláthraítear sonraí tástála: Braiteoirí na mBallstát atá leordhóthanach go neamhoibríochtúil (mar a shainítear in 1.1.2.2) nach bhfuil rannpháirteach go fóill i seachadadh seirbhísí agus atá ag fanacht le dul tríd na feachtais mheasúnúcháin (a dtugtar tuairisc orthu in 2.3) sula mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i soláthar seirbhísí SST. Ní bhfaighidh na braiteoirí a áirítear i gcatagóir B cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí ach féadfaidh siad cistiú a fháil chun feachtais mheasúnúcháin a ullmhú.

— Catagóir C: Braiteoirí tearcfhorbartha: Braiteoirí na mBallstát atá leordhóthanach go neamhoibríochtúil (mar a shainítear in 1.1.2.2) a d'fhéadfaí a úsáid amach anseo le haghaidh seirbhísí SST a luaithe a chuirfear i gcrích iad, a bheidh siad oibríochtúil agus a bheidh pas faighte acu san fheachtas measúnúcháin. Ní bhfaighidh na braiteoirí atá san áireamh i gcatagóir C cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla ach d'fhéadfaidís cistiú a fháil le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha bunaithe ar údar a chuirtear ar fáil le staidéir ailtireachta.

2.2.1.2. An t-athrú catagóirí

Spreagfar an t-aistriú ó chatagóir A go catagóir B mura bhfaightear pas:

— i bhfeachtas calabrúcháin nó

— in dhá fheachtas oibríochtúla as a chéile.

Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis:

— iad a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— faisnéis don Choimisiún.

Spreagfar an t-aistriú ó chatagóir B go catagóir A le:

— toradh rathúil ar fheachtas measúnúcháin (feachtas calabrúcháin agus feachtas oibríochtúil).

Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis:

— iad a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— formheas ón gCoimisiún.

— an anailís ar bhreisluach an bhraiteora de réir na staidéar ailtireachta.

Spreagfar an t-aistriú ó chatagóir B go catagóir C mura bhfaightear pas:

— i bhfeachtas calabrúcháin nó

— in dhá fheachtas oibríochtúla as a chéile, ach amháin más rud é gur dícháilíodh an braiteoir ó chatagóir A go catagóir B de bhrí nach bhfuarthas pas in dhá fheachtas as a chéile, ar cás é ina spreagfaidh an teip i bhfeachtas oibríochtúil amháin íosghrádú an bhraiteora ó chatagóir B go catagóir C.

Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis:

— é a bheith formheasta ag Comhpháirtíocht SST,

— faisnéis don Choimisiún.

Spreagfar an t-aistriú ó chatagóir C go catagóir B le:

— údar cuí a bheith leo de réir staidéir ailtireachta de réir breisluach do chóras iomlán SST.

— é a bheith formheasta le vóta Comhpháirtíocht SST,

— é a bheith glactha ag an gCoimisiún.

2.2.2. *Na braiteoirí a roghnú*

Na braiteoirí a roghnófar chun rannpháirtiú i seachadadh seirbhísí SST (Catagóir A), roghnófar iad trí úsáid a bhaint as critéir, amhail: paraiméadair theicniúla, feidhmíocht, suíomh agus rannpháirtíocht rathúil rialta i bhfeachtais mheasúnúcháin de réir na tréimhsiúlachta arna hiarraidh in 2.3.

Ní bhfaighidh aon Bhallstát an ceart a bheith measta mar SST mar gheall ar na sócmhainní atá aige cheana nó atá á bhforbairt go náisiúnta, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nach mór:

— údar cuí a bheith leo de réir staidéir ailtireachta de réir breisluach chóras iomlán SST,

— a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— a bheith glactha ag an gCoimisiún.

Ní bheidh sé de cheart ag braiteoirí de chuid an Aontais a oibrítear go náisiúnta a bheith measta mar bhraiteoirí a rannchuidíonn leis an gComhpháirtíocht SST ach amháin i gcás:

— údar cuí a bheith leo de réir staidéir ailtireachta de réir breisluach chóras iomlán SST,

— iad a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— a bheith glactha ag an gCoimisiún.

2.3. **Seiceáil rialta ar na braiteoirí a roghnaítear tríd an bhfeachtas measúnúcháin**

Beidh an feachtas measúnúcháin comhdhéanta de dhá eilimint:

— Measúnúchán ar fheidhmíocht theicniúil (“feachtas calabrúcháin”)

— Measúnúchán ar fheidhmíocht oibríochtúil (“anailís feidhmíochta teicniúla”)

2.3.1. *Measúnú ar an bhfeidhmíocht theicniúil: feachtais chalabrúcháin*

2.3.1.1 Feachtas calabrúcháin: rialacha ginearálta

Beidh d’oibleagáid ar gach braiteoir a roghnaítear a bheith rannpháirteach sa chóras SST páirt a ghlacadh i bhfeachtais chalabrúcháin a dhéanann an Chomhpháirtíocht SST chun cáilíocht na sonraí a tháirgtear a áirithiú.

Féadfaidh tréimhsiúlacht an fheachtais calabrúcháin athrú de réir an chineáil braiteora, mar a leanas:

— maidir le radair a roghnaítear le bheith rannpháirteach sa chóras SST, rachaidh siad faoi fheachtas calabrúcháin, ar a laghad, uair amháin gach 12 mhí.

— maidir le teileascóip a roghnaítear le bheith rannpháirteach sa chóras SST, rachaidh siad faoi fheachtas calabrúcháin, ar a laghad, uair amháin gach 6 mhí.

— maidir le léasair a roghnaítear le bheith rannpháirteach sa chóras SST, rachaidh siad faoi fheachtas calabrúcháin, ar a laghad, uair amháin gach 12 mhí.

2.3.1.2. Critéir le haghaidh feachtais chalabrúcháin

Leanfaidh na feachtais chalabrúcháin critéir oibiachtúla shonracha chun cothroime na dtorthaí agus éifeachtúlacht iomlán an chórais SST a áirithiú.

Is é an méid seo a leanas a bheidh sna critéir:

	Feidhmíocht theicniúil
	[T] – Torann
Radair shuirbhéireachta	Raon ≤100m Ráta Raoin ≤4m/s
Radair rianaithe	Raon ≤50m Ráta Raoin ≤2m/s
Teileascóip shuirbhéireachta (MEO/GEO)	Cruinneas uilleach ≤2 arcsec
Teileascóip rianaithe MEO/GEO	Cruinneas uilleach ≤2 arcsec
Teileascóip rianaithe LEO	Cruinneas uilleach ≤7,2 arcsec
Léasair	Cruinneas raoin ≤5m

Tá an tairseach a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht braiteoirí faoi réir athraithe bunaithe ar phróiseas agus luachanna faireacháin ar fheidhmíocht san Iarscríbhinn seo i gcomhréir le riachtanais dheireanacha an líonra braiteoirí SST. I gcás athruithe, ní mór iad a chur i láthair agus údar cuí a chur leo ag an Athbhreithniú Oibríochta Bliantúil.

2.3.2. *Measúnú ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil: Anailís ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil*

2.3.2.1. Anailís ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil: rialacha ginearálta

Beidh d'oibleagáid ar gach braiteoir a roghnaítear a bheith rannpháirteach sa chóras SST sonraí a chomhroinnt chun go bhféadfaidh an Chomhpháirtíocht anailís feidhmíochta oibríochtúla a dhéanamh chun feidhmíocht oibríochtúil na sonraí a tháirgtear a áirithiú.

Maidir le braiteoirí a chuimsítear i gcatagóir A, tarchuirfidh siad sonraí chuig a nEintiteas Náisiúnta Bunaithe, nó chuig Eintiteas Náisiúnta Bunaithe Ballstáit eile a bhfuil comhaontú sonrach ag an Stát leis. Cuirfidh an tEintiteas Náisiúnta Bunaithe go tráthúil agus go rialta chuig an mbunachar sonraí ar mhodh leictreonach agus na bearta slándála iomchuí i bhfeidhm.

Féadfaidh tréimhsiúlacht na hanailíse feidhmíochta oibríochtúla athrú de réir an chineáil sócmhainne, mar a leanas:

— Maidir le radair a roghnaítear le bheith rannpháirteach sa chóras SST, rachaidh siad faoi anailís feidhmíochta oibríochtúla, ar a laghad, uair amháin gach 12 mhí.

— Maidir le teileascóip a roghnaítear le bheith rannpháirteach sa chóras SST, rachaidh siad faoi anailís feidhmíochta oibríochtúla, ar a laghad, uair amháin gach 6 mhí.

— Maidir le léasair a roghnaítear le bheith rannpháirteach sa chóras SST, rachaidh siad faoi anailís feidhmíochta oibríochtúla, ar a laghad, uair amháin gach 12 mhí.

Maidir le braiteoir ar theip air in anailís feidhmíochta oibríochtúla, tá sé i dteideal fanacht i gcatagóir A agus é ag fanacht leis an gcéad anailís feidhmíochta oibríochtúla eile.

Maidir le braiteoir in dhá anailís feidhmíochta oibríochtúla as a chéile, bainfear de chatagóir A agus cuirfear i gcatagóir B é, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nach mór:

— údar cuí a bheith leo de réir staidéir ailtireachta de réir breisluach do chóras iomlán SST.

— a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— a bheith glactha ag an gCoimisiún.

2.3.2.2. Critéir le haghaidh anailís ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil

	Feidhmíocht oibríochtúil		
	Cuspóirí/uair an chloig oibríochtúil	Tomhais/uair an chloig éifeachtach	Tráthúlacht (comhroinnt sonraí)
Radair shuirbhéireachta	≥65	≥250 tomhais/uair an chloig	>90 % rianuithe i dtréimhse is lú ná 48u AGUS >75 % de na rianuithe i dtréimhse is lú ná 24 uair (*)
Radair rianaithe	N/B	≥12 tomhais/uair an chloig	
Teileascóip shuirbhéireachta	≥7	≥24 tomhais/uair an chloig	
Teileascóip rianaithe	N/B	≥21 tomhais/uair an chloig	
Léasair	N/B	≥19 tomhais/uair an chloig	

(*) d'fhéadfadh Comhpháirtíocht SST an Aontais critéir feidhmíochta tráthúlachta a fhorbairt arna iarraidh sin ag an gCoimisiún

Tá an tairseach a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht braiteoirí faoi réir athraithe bunaithe ar phróiseas agus luachanna faireacháin ar fheidhmíocht san Iarscríbhinn seo i gcomhréir le riachtanais dheireanacha an líonra braiteoirí SST. I gcás athruithe, ní mór iad a chur i láthair agus údar cuí a chur leo ag an Athbhreithniú Oibríochta Bliantúil.

Is éard a chiallaíonn am éifeachtach luach dearbhaitheach a chuireann an Ballstát atá freagrach as an mbraiteoir in iúl gach mí. Úsáidtear é chun an Ráta Tomhais a ríomh.

Is éard a chiallaíonn am oibríochtúil an t-am a ríomhtar tomhais bhraiteora chomhroinnte mar fhad iomlán na rianuithe arna gcomhroinnt tríd an mBunachar SST.

2.4. **Rialacha speisialta le haghaidh teileascóp, radar, léasaragus cineálacha braiteoirí eile**

2.4.1. *Teileascóip*

Áiritheoidh an Chomhpháirtíocht SST, a mhéid is féidir, leithdháileadh geografach inmhianta le haghaidh na dteileascóp de réir na riachtanas maidir le cumhdach a sholáthar, catalógú agus seirbhísí SST, agus, an tráth céanna, prionsabal na dúblála nach bhfuil gá léi a urramú.

Cuirfear údar cuí le leithdháileadh teileascóp agus leis an luach is fearr ar airgead agus déanfar iad a bhailiú trí bhíthin staidéir ailtireachta.

Déanfar meastóireacht ar an líon iomlán teileascóp (faireachas agus rianú) de réir an riachtanais a léireofar leis na staidéir ailtireachta agus na riachtanas le haghaidh gach VLA. Léireofar leis an staidéir ailtireachta breisluach gach sócmhainne agus luafar an chaoi inar urramaíodh prionsabal na neamhdhúblála.

2.4.1.1. Le haghaidh teileascóip faireachais

Srianfar an líon braiteoirí faireachais optúla i VLA na hEorpa go Coibhéis Lánaimseartha amháin ([3]) in aghaidh an Bhallstáit.

Srianfar an líon braiteoirí faireachais optúla ar fud an domhain (VLA na hEorpa san áireamh) go dhá Choibhéis Lánaimseartha in aghaidh an Bhallstáit.

I gás inar gá tuilleadh acmhainní teileascóip ina aon Bhallstáit amháin, ní mór:

— údar cuí a thabhairt dó le staidéir ailtireachta.

— é a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— a bheith glactha ag an gCoimisiún.

([3]) Ciallaíonn FTE aon teileascóip amháin teileascóp arna thiomnú 100 %, nó N teileascóp lena bhfuil 'suim N' tiomnuithe =100 %

2.4.1.2. Le haghaidh teileascóip rianaithe

Srianfar an líon braiteoirí rianaithe optúla i VLA na hEorpa go Coibhéis Lánaimseartha amháin in aghaidh an Bhallstáit.

Srianfar an líon braiteoirí faireachais optúla ar fud an domhain (VLA na hEorpa san áireamh) go dhá Choibhéis Lánaimseartha in aghaidh an Bhallstáit.

I gás inar gá tuilleadh acmhainní teileascóip ina aon Bhallstát amháin, ní mór:

— údar cuí a chur leis le staidéir ailtireachta.

— é a bheith formheasta ag Comhpháirtíocht SST,

— a bheith glactha ag an gCoimisiún.

2.4.1.3. Le haghaidh teileascóip ar féidir faireachas agus rianú a dhéanamh leo

Dearbhóidh braiteoirí a bhfuil sé ar a gcumas oibriú ar an modh faireachais agus an modh rianaithe araon cé acu modh is príomh-mhodh oibríochtúil dó agus é ag rannchuidiú le SST. Déanfar meastóireacht ar an measúnú ar an mbraiteoir i ndáil leis an bpríomh-mhodh oibríochtúil; d'ainneoin sin, d'oibreodh an braiteoir sa mhodh eile chomh maith, dá mba gá sin.

Maidir leis an bhfeidhmíocht theicniúil agus oibríochtúil, beidh an braiteoir i gcomhréir leis an gceanglas is sriantaí, chun a áirithiú go mbeidh sé comhlíontach sa chás is measa. Mar shampla, teileascóp ar féidir a oibriú mar bhraiteoir suirbhéireachta agus rianaithe agus a ndearbhaítear ina leith gurb í an tsuirbhéireacht is príomhchuspóir dó, beidh sé in ann breathnú ar seacht réad in aghaidh uair an chloig agus cruinneas uilleach is fearr ná dhá arcsec FMC (fréamh chearnach mheán na gcearnóg) a léiriú.

2.4.2. *Radair*

Áiritheoidh an Chomhpháirtíocht SST, a mhéid is féidir, leithdháileadh geografach inmhianta le haghaidh na radar de réir na riachtanas maidir le cumhdach a sholáthar, catalógú agus seirbhísí SST, agus, san am céanna, prionsabal na dúblála nach bhfuil gá léi a urramú.

Beidh teorainn leis an líon radar a bheidh rannpháirteach i seachadadh seirbhísí SST (catagóir A).

Beidh cuimsiú radair breise i gcatagóir A faoi réir:

— údar cuí a chur leis le staidéir ailtireachta.

— é a bheith formheasta ag Comhpháirtíocht SST,

— a bheith glactha ag an gCoimisiún.

Tabharfar údar cuí le leithdháileadh radar agus leis an luach is fearr ar airgead agus déanfar iad a bhailíochtú trí bhíthin staidéir ailtireachta.

2.4.3. *Léasair*

Maidir le léasar a bheidh rannpháirteach i soláthar Seirbhísí SST, beidh sé in ann targaid neamh-chomhoibríoch a fháil agus a rianú chun go gcuimseofar é i gcatagóir A.

Cuirfear teorainn cúig léadar leis an líon léasair ar fud an domhain.

I gás inar gá tuilleadh acmhainní léasair nó léasair nach féidir leo ach réada comhoibríocha a rianú, ní mór:

— údar cuí a chur leis sin le staidéir ailtireachta.

— a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— a bheith glactha ag an gCoimisiún.

2.4.4. *Cineálacha braiteoirí eile*

Féadfaidh an Chomhpháirtíocht SST cineálacha braiteoirí eile a thabhairt isteach (amhail braiteoirí spásbhunaithe, teicnící tomhaiste fad éighníomhacha...).

Beidh cuimsiú cineálacha braiteoirí breise eile i gcatagóir A faoi réir:

— údar cuí a chur leis le staidéir ailtireachta.

— a bheith formheasta le vóta na Comhpháirtíochta SST,

— iad a bheith glactha go hiomchuí ag an gCoimisiún.

2.5. **Rialacha airgeadais maidir le huasghrádú agus oibriú sócmhainní**

Cuirfear údar cuí, faoi na hailtireachtaí SST arna bhforbairt ag an gComhpháirtíocht SST, le gach uasghrádú agus forbairt a fhaigheann cistiú an Aontais. Ní mór a aibhsiú, leis an údar cuí, feidhmíocht tosaigh na sócmhainne, an fheidhmíocht chríochnaitheach atá beartaithe agus an breisluach a chomhfhreagraíonn d'fhéidhmíochtaí córais SST.

Le fo-chomhpháirt SST díreofar ar uasghrádú na sócmhainní náisiúnta atá ann cheana.

2.5.1. *Caiteachas caipitil (CAPEX)*

De bharr cineál ghníomhaíochtaí an Aontais in SST, maidir le leibhéal maoinithe an Aontais le haghaidh uasghrádú gach sócmhainne, bunófar é ar an údar cuí le caiteachas iomlán caipitil (CAPEX) shuim na n-uasghráduithe uile a tiomnaíodh don tsócmhainn laistigh de thréimhse gach deontais SST leis an gComhpháirtíocht SST, agus cuirfear teorainn 45 % de CAPEX iomlán leis. Cuirfidh na Ballstáit cruthúnas airgeadais maidir le hinfheistíochtaí náisiúnta chuig an gCoimisiún.

D'fhéadfaí glacadh le céatadán níos airde i gcás:

— údar cuí a bheith leo de réir staidéir ailtireachta de réir breisluach do chóras iomlán SST.

— é a bheith formheasta le vóta Comhpháirtíocht SST,

— é a bheith glactha ag an gCoimisiún.

Féadfaidh infheistíochtaí ar lú iad ná EUR 75 000 céatadán níos airde maoinithe a fháil.

2.5.2. *Caiteachas oibríochtúil (OPEX)*

Beidh an céatadán a mhaoiníonn an tAontas comhsheasmhach leis an tiomnú don fho-chomhpháirt SST agus OPEX iomlán na sócmhainne. Mar shampla, ní féidir an costas OPEX ar bhraiteoir atá tiomnaithe X % do SST a bheith níos mó ná X % den OPEX iomlán (100 %) a ndearbhófar don Choimisiún.

IARSCRÍBHINN II

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 10

Bainfear úsáid as na coincheapa seo a leanas sa togra:

— Méadrachtaí: ní a thomhaistear nó a tuairiscítear chun cuidiú le próiseas nó gníomhaíocht a bhainistiú.

— Eochairtháscaire feidhmíochta (KPI): Méadracht a úsáidtear chun baint amach chun Cúinsí Ratha Mórtháhachtacha a thomhas agus chun cuidiú le próiseas, plean, tionscadal nó gníomhaíocht a bhainistiú.

Coinbhinsiún ainmniúcháin

Leis an gcoinbhinsiún ainmniúcháin le haghaidh na dtáscairí féachtar leis an mapáil idir na táscairí agus na catagóirí lena mbaineann siad a éascú.

Beidh gach táscaire bainteach le cód lena shainítear go heisiach é de réir na hainmníochta seo a leanas: [T][CC]-[n]

I gcás:

— T: cineál táscaire. Is féidir é a bheith ina KPI (K) nó ina méadracht (M).

— CC: catagóir. Sa dara colún luaitear na hacrainmneacha a úsáidtear le haghaidh gach catagóire KPI nó Méadrachta.

B	Braiteoirí
CAT	Catalóg SST
CS	Comhroinnt Sonraí
IC	Iarrataí Cúraim
BS	Bunachar Sonraí SST
SS	Soláthar Seirbhísí
DT	Deasc Tosaigh
U	Rannpháirtíocht úsáideoirí agus for-rochtain

— n: seicheamh. Uimhir lena sainítear an táscaire i ngach catagóir.

Liosta de Mhéadrachtaí agus KPInna atá le húsáid agus spriocanna bainteacha

Ní mór do Chomhpháirtíocht STT na luachanna sprice a mholadh sa mholadh maidir le deontas.

Léireofar le moladh Chomhpháirtíocht SST an chaoi ina ndéanfar na méadrachtaí/KPInna a thomhas fad an tionscadail.

Catagóir	ID	Teideal	Sprioc ionchasach	
			2022	2027
Braiteoirí	MS-1	An líon braiteoirí	Le cinneadh	Le cinneadh
	KS-1	Braiteoirí nach gcomhroinneann sonraí	0	0
	MS-2	Tiomnú dearbhaithe braiteoirí		
	KS-2	Fíorthiomnú braiteoirí	=MS-2	=MS-2
	MS-3	Aga athshlánaithe braiteoirí		
	KS-3	Comhlíontacht braiteoirí le feachtais calabrúcháin	100 %	100 %
	MS-4	Braiteoirí i bhfeachtas calabrúcháin		
	KS-4	Braiteoirí a chomhroinneann sonraí i bhfeachtas calabrúcháin	100 %	100 %

Catalóg SST	KCAT-1	An líon réad a catalógaíodh go uathrialach;	Le cinneadh	Le cinneadh
	MCAT-1	% de réada a catalógaíodh go huathrialach maidir le catalóg phoiblí SA;	Le cinneadh	Le cinneadh
	K-CAT 2	Cruinneas smionagair catalóige	Le cinneadh	Le cinneadh
	K-CAT 3	Aois fithise na réad sa chatalóg	Le cinneadh	Le cinneadh
	K-CAT 4	An líon réad nua a cuireadh isteach	Le cinneadh	Le cinneadh
Bunachar Sonraí SST	MDB-1	Líon réad spáis		
	KDB-1	Cumhdach ar chórais fithisí		
	MDB-2	Aois fithisí		
Comhroinnt Sonraí	MDS-1	Rialtacht comhroinnte sonraí dearbhaithe		
	KDS-1	Rialtacht comhroinnte sonraí éifeachtach	=MSD-1	=MSD-1
	MDS-2	An líon tomhas		
	MDS-3	An líon rianuithe		
	MDS-4	An líon fithisí		
Soláthar Seirbhísí	MSP-1	An líon imeachtaí arna dtuairisciú		
	KSP-1	Imeachtaí uathrialacha		
	MSP-2	An líon táirgí		
	KSP-2	Táirgí uathrialacha		
	KSP-3	Tráthúlacht seachadta táirgí	3u (Le dearbhú)	1h (Le dearbhú)
	MSP-3	Iarrataí seirbhís-shonraithe		
	KSP-4	Am réitigh le haghaidh iarrataí seirbhís-shonraithe	1 lá (Le dearbhú)	0.5 lá (Le dearbhú)
	KSP-5	Dialltaí formáide táirgí	0 %	0 %
	KSP-6	Comhlíontacht le cumraíocht seirbhíse CA	100 %	100 %
	KSP-8	Rannchuidiú braiteoirí le táirgí uathrialacha		
Iarrataí cúraim	MTR-1	An líon iarrataí cúraim		
	MTR-2	Freagairtí cúraim de réir cineáil		
	KTR-1	Iarrataí cúraim rathúla		
	KTR-2	Am réitigh iarrataí cúraim		
	KTR-3	Freagrúlacht d'iarrataí cúraim de réir an bhraiteora		
Deasc Tosaigh	MFD-1	An líon iarrataí cúraim		
	MFD-2	An líon teagmhas		

	KFD-1	Am réitigh le haghaidh iarrataí		
	KFD-2	Am réitigh le haghaidh imeachtaí		
	KFD-3	Íoslódálacha táirgí		
	KFD-4	Íoslódálacha táirgí uathrialacha		
	KFD-5	Infhaighteacht tairsí		
Rannpháirtíocht úsáideoirí agus for-rochtain	MU-1	Líon úsáideoirí ionchasacha/eagraíocht		
	KU-1	Glacadh úsáideoirí/Líon úsáideoirí		
	MU-2	Líon úsáideoirí nua		
	KU-2	Úsáideoirí a íoslódálann na táirgí		
	KU-3	Úsáideoirí a dhéanann an Tairseach a rochtain		
	MU-3	Uaslódálacha úsáideoirí		
	MU-4	Stádas spásárthaigh		

IARSCRÍBHINN III

FAISNÉIS ATÁ LE CUR ISTEACH IN ÉINEACHT LE CUR ISTEACH AN TOGRA, DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7

1. DOICIMÉADACHT A BHAINEANN LE COINNÍOLLACHA AONAIR

Léireofar leis an iarratas comhlíontacht leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I:

1.1. **Más braiteoir atá sa tsócmhainn cumhdófar leis an iarratas an méid seo a leanas:**

1.1.1. *Úinéireacht nó rochtain ar an mbraiteoir SST*

Faisnéis lena léirítear comhlíontacht an bhraiteora SST leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid I- Roinn 1, Úinéireacht nó rochtain ar bhraiteoirí SST.

1.1.2. *Braiteoir SST leordhóthanach*

Faisnéis lena léirítear comhlíontacht an bhraiteora SST leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid I- Roinn 1 – Braiteoir SST leordhóthanach.

1.1.3. *Braiteoir ar fáil le haghaidh SST*

Faisnéis lena léirítear comhlíontacht an bhraiteora SST leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid I- Roinn 1 – Braiteoir SST leordhóthanach nó.braiteoir atá á fhorbairt.

1.1.4. *Acmhainní teicniúla agus daonna chun an braiteoir a oibriú*

Faisnéis lena léirítear go bhfuil agus go mbeidh na hacmhainní teicniúla agus daonna ar fáil chun an braiteoir a oibriú.

1.1.5. *Slándáil na mbraiteoirí SST*

Faisnéis lena léirítear comhlíontacht an bhraiteora SST leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid I- Roinn 1 – Gnéithe slándála.

1.2. **Más acmhainneacht anailíse oibríochtúla nó próiseála sonraí atá sa tsócmhainn arna hainmniú go sonrach le haghaidh SST, cumhdófar an méid seo a leanas leis an iarratas:**

1.2.1. *Úinéireacht, nó rochtain ar acmhainneacht anailíse oibríochtúla agus próiseála sonraí SST*

Faisnéis lena léirítear comhlíontacht an bhraiteora SST leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid I- Roinn 2, Úinéireacht nó rochtain ar chumais SST.

1.2.2. *Acmhainneacht leordhóthanach anailíse oibríochtúla agus próiseála sonraí SST*

Faisnéis lena léirítear comhlíontacht an bhraiteora SST leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid I- Roinn 2 – Acmhainneachtaí leordhóthanacha anailíse oibríochtúla agus próiseála sonraí.

1.2.3. *Slándáil na n-acmhainneachtaí*

Faisnéis lena léirítear comhlíontacht na hacmhainneachta SST leis na critéir a leagtar amach in 1.2.3 – Gnéithe slándála, gnéithe slándála sonraí agus faisnéise san áireamh, lena léirítear dearadh reatha an SST arna fhorbairt ag an gCuibhreannas agus an tiomantas rannchuidiú le hiarracht arna chomhaontú leis na Ballstáit eile

2. COINNÍOLLACHA COITEANNA AGUS PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

2.1. **Doiciméid ghinearálta**

Liosta de na hEintitis Náisiúnta Bhunaithe.

Téacs an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta SST, ina gcuimseofar: Faisnéis ar dhearadh foriomlán SST ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear: rialachas ar an gComhpháirtíocht SST mar aon le ról na gcomhlachtaí teicniúla éagsúla agus a sásraí cinnteoireachta.

2.2. **Cumraíocht an chórais**

— A Ailtireacht fheidhmiúil

— A Ailtireacht theicniúil

— Staidéir ailtireachta le haghaidh Chatagóirí A agus B agus/nó C, mar a shainítear in 2.2.1.1, a mhéid is go bhfuil na sonraí riachtanacha maidir leis na braiteoirí ar fáil.

— Liosta de na braiteoirí arna n-ionchorprú sa chóras in aghaidh chatagóir A, B nó C, mar a shainítear in 2.2.1.1.

— Liosta d'acmhainneachtaí arna n-ionchorprú sa chóras

— Critéir oibiachtúla a úsáidtear chun an feachtas measúnaithe a dhéanamh

— Liosta de na feachtais a rinneadh cheana in aghaidh an bhraiteora.

2.3. **Leith dháileadh na ngníomhaíochtaí agus na nósanna imeachta cinnteoireachta**

Tuairisc ar na gníomhaíochtaí leithdháilte idir na Foirne Saineolaithe.

Tuairisc ar ghníomhaíochtaí Deisce Tosaigh SST.

Tuairisc ar na nósanna imeachta cinnteoireachta.

2.4. **Rialacha maidir le comhroinnt sonraí**

Faisnéis chun tuairisc a thabhairt ar mhódúlachtaí foriomlána na comhroinnte sonraí idir comhaltaí Comhpháirtíochta SST.

2.5. **Bearta aistrithe**

Tuairisc ar na bearta aistrithe dá bhforáiltear chun aistriú rianúil idir Cuibhreannas SST agus Comhpháirtíocht a áirithiú.

IARSCRÍBHINN IV

SAINMHÍNITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN IARSCRÍBHINNÍ I GO III

1. **Limistéar Ollmhór (VLA)**

Is é atá i gcoincheap VLA réigiúin gheografacha shainithe. Sa chéad ord, léireoidh an braiteoir céanna feidhmíocht dhifriúil agus breisluach difriúil nuair a chuirfear i láithreacha i VLAnna éagsúla. Déantar na "VLAnna" seo a leanas a bhreithniú inniu:

— VLA "An Áise"

— VLA "An Eoraip"

— VLA "Meiriceá Thuaidh"


— VLA "An Aigéine"

— VLA "An tAigéan Ciúin"

— VLA "Deisceart na hAfraice"

— VLA "Meiriceá Theas"

Léirítear neas-suíomh na VLAnna san fhíor seo:



2. **Staidéir ailtireachta**

Tugtar le chéile leis an téarma "staidéir ailtireachta" córas gníomhaíochtaí innealtóireachta. Cuimsítear ann an mheastóireacht ar fheidhmíocht agus ar bhreisluach sócmhainne áirithe, uasghrádú áirithe, líonra iomlán braiteoirí nó meastóireacht agus aicmiú ar réitigh dhearaidh mhalartacha agus an údar lena rangú. Tá na staidéir comhsheasmhach le cur chuige ón mbonn aníos lena ndírítear ar an luach is fearr ar airgead agus lena seachnaítear dúbláil nach bhfuil gá léi agus, san am céanna, faireachán a dhéanamh ar fhreagairt an chórais do riachtanais an úsáideora ardleibhéil. Cumhdaítear feidhmeanna uile an chórais leis na staidéir ailtireachta: Feidhmiú braiteora, feidhm próiseála sonraí agus feidhm seirbhíse.

3. **Amhshonraí**

Sonraí ar leibhéal braiteora nach ndearnadh aon iarphróiseáil orthu (amhail sonraí in aghaidh na bíge radair, íomhánna, agus brath fótóin)

4. **Inbhraite**

Cainníocht réada spáis aonair neamh-amstampáilte intomhaiste a fhaightear tar éis amhshonraí a phróiseáil (amhail asamat, airde, RA, DEC, raon, Doppler, RCS agus MAG)

5. **Tomhas**

Taca iomlán ábhar inbhraite próiseáilte (amhail uillinneacha, raon, agus difreáil amanna teachta) agus/nó ábhar inbhraite fisiceach (amhail méid agus RCS) braiteora aonair a bhaineann le réad aonair agus leis an sealad céanna.

6. **Rian**

Tacar de thomhais chomhleantacha braiteora aonair le haghaidh réada aonair ina bhfuil bearnaí idir na tomhais nach mó ná meánfhad riain atá le sainiú maidir le gach braiteoir.

7. **Torann**

Aithint Paraiméadair	[N]
Ainm	Torann
Tuairisc/Sainmhíniú	Sainmhínítear torann tomhais mar fhréamh chearnach mheán na gcearnóg (FMC) na n-iarmharach inbhraite. Asamhlaítear torann tomhais go ginearálta i ndáileadh Gauss (normálta). Ar an gcaoi sin is é atá san eatramh atá láraithe ar an meán ag a bhfuil leath-aimplitiúid 1-σ 68.27 % de shonraí iarmhar. D'fhéadfaí an torann sin a mheas freisin mar dhiall caighdeánach nach mór an meán a bheith cothrom le nialas dá bharr (seiceálfar an chomhsheasmhacht idir an dá chur chuige).
Méadracht/Méadrachtaí	Uilleach: toisc go sainítear breathnóireachtaí uilleacha mar chomhordanáidí sféarúla, ríomhfar an dialladh caighdeánach go: *ra* •cos(*dec*), nó go coibhéiseach *az* •cos(*el*), i gcás ra=dronairde, dec=diallas, az=asamat agus el=uillinn airde *dec* nó go coibhéiseach *el* Raon: A fhaightear mar thorthaí díreach ar bhreathnóireachtaí Ráta raoin: A fhaightear mar thorthaí díreach ar bhreathnóireachtaí
Aonad tomhais	Arcsec, m, m/s (uillinneacha, raon agus ráta raoin faoi seach)

8. **Sainmhínithe anailíse oibríochtúla**

Aithint Paraiméadair	[TL]
Ainm	Tráthúlacht
Tuairisc/Sainmhíniú	Moill ar sholáthar tomhas
Méadracht/Méadrachtaí	An t-am idir deireadh na rianuithe comhroinnte agus an chomhroinnt. Scoitheadhluach 90 % de na sonraí arna gcomhroinnt i mBunachar Sonraí SST, is é sin "Am arna chur isteach" – "Am críche" laistigh de 48u agus75 % laistigh de 24u.

	Forlíontar é leis an méid sonraí a chomhroinntear laistigh de 48u agus 24ú
Aonad tomhais	Uaireanta

Aithint Paraiméadair	[O2]
Ainm	Réada/uair an chloig oibríochtúil
Tuairisc/Sainmhíniú	An meánlíon réad difriúil arna bhreathnú ag an mbraiteoir in aghaidh uair an chloig
Méadracht/Méadrachtaí	An meánlíon réad difriúil arna bhreathnú in aghaidh an eatraimh 1 uair an chloig amháin. Roinntear an tréimhse oibríochtúil iomlán in N eatramh 1 uair an chloig. Le haghaidh gach eatramh i, ríomhtar an líon réad difriúil a bhreathnaíonn an braiteoir $$O2 = \frac{\sum_{i=1}^{N} o_i}{N}$$
Aonad tomhais	Réada/u

Aithint Paraiméadair	[RT]
Ainm	Ráta tomhas
Tuairisc/Sainmhíniú	An líon tomhas
Méadracht/Méadrachtaí	tomhais/am dearbhaithe tiomnaithe éifeachtaigh (u)
Aonad tomhais	tomhais/u

9. **Sainmhínithe eile**

Tiomnú	
Tiomnú dearbhaithe	An t-am uasta a dhearbhaítear sócmhainn a bheith le rannchuidiú le SST le linn tréimhse tuarascála de réir ghealltanais an Deontais.
Tiomnú Éifeachtach	An t-am a rannchuidíonn sócmhainn le SST le linn tréimhse tuarascála.
Tiomnú Neamhéifeachtach	An t-am nach bhfuil braiteoir rannchuidiú le SST de dheasca cothabhála nó neamh-infhaighteachta (aimsir, cothabháil gan choinne etc.).
Anailís Fheidhmiúil	Sainmhíniú agus tuairisc ar phríomhfheidhmeanna STT, chomh maith lena n-idirghníomhaíochtaí i dtéarmaí sreabhadh oibre, ionchur, as chur, agus malartú faisnéise. Déantar an mionsonrú i bhfeidhmeanna ar bhonn coincheapúil, agus ní dhéantar nasc idir é agus cur chun feidhme fisiceach in ailtireacht an chórais SST. D'fhéadfaí roinnt feidhmeanna a leithdháileadh idir roinnt eilimintí fisiceacha.

Braiteoir Oibríochtúil	Braiteoir ar éirigh leis critéir cháilíochta agus rannchuidithe uile an fhaireacháin feidhmíochta oibríochtúla a bhaint amach.
Tiomnú ionchasach	Am uasta hipitéiseach a d'fhéadfadh braiteoir a bheith ag oibriú do SST.
Sócmhainní SST	Acmhainneachtaí Braiteora agus Próiseála Sonraí SST.
Iarraidh cúraim	Iarraidh ar na braiteoirí a rannchuidíonn le SST sonraí a chur ar fáil a bhaineann le réad nó imeacht sonrach.